



TREOIRCHÁIPÉIS

SEIRBHÍSÍ GAEILGE SNA
COMHAIRLÍ NUA



Foras na Gaeilge

NOLLAIG 2015



Foras na Gaeilge



Clár Ábhar

1. Réamhrá.....	4
2. Achoimre Fheidhmeach.....	5
3. Comhthéacs dlíthiúil agus reachtuil na Gaeilge i dTuaisceart Éireann.....	7
4. Cúlra stairiúil.....	14
Ról na Gaeilge sa Rialtas Áitiúil.....	14
Scéim na nOifigeach Gaeilge.....	15
An Gaelscolaíocht.....	16
5. Staid Reatha na Gaeilge ó thuaidh.....	22
Ceantair na gComhairlí Nua.....	22
6. Dea-chleachtas.....	23
Moltaí.....	23
Brandáil.....	25
Cáipéisí i nGaeilge.....	25
Foireann le Gaeilge sa Chomhairle.....	26
Seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge ar bhealaí eile.....	26
Comhfhreagras.....	26
Seirbhísí do na Meáin Ghaeilge.....	26
Seirbhísí do na Meáin Ghaeilge.....	27
Suíomh Gréasáin.....	27
Oiliúint sa Ghaeilge – Moltar leanúint den chóras	
Teastas Eorpach Gaeilge (TEG).....	27
Feasacht ar an Ghaeilge don Fhoireann.....	28
Comharthaí i nGaeilge go hinmhéanach	
(taobh istigh den Chomhairle é féin).....	28
Comharthaí i nGaeilge taobh amuigh den Chomhairle féin.....	28
Seirbhís Sráidainmneacha agus Logainmneacha.....	28
Seirbhís Aistriúcháin agus Ateangaireacht	
(ar chruinnithe de chuid na Comhairle).....	29
Cur chuige i leith fhorbairt na Gaeilge i gceantar na comhairle.....	29
Feasacht ar an Ghaeilge don Phobal.....	29
Seirbhísí don phobail.....	30
Tacaíocht don Ghaelscolaíocht agus scoileanna eile.....	30
Polasaí Gaeilge.....	31
7. Na Chéad Chéimeanna Eile.....	32
8. Eolas Teagmhála Úsáideach agus Suímh Ghréasáin.....	33
Suímh Ghréasáin.....	33

1. Réamhrá

Tá atheagar stairiúil á dhéanamh ar leagan amach na gcomhairlí áitiúla i dTuaisceart Éireann, rud a chuireann idir dhúshláin agus deiseanna roimh phobal na Gaeilge agus roimh na comhairlí nua féin. Is é Foras na Gaeilge an foras reachtúil atá freagrach as chur chun cinn na Gaeilge agus cuirimid fáilte roimh na deiseanna a bhaineann leis an athrú mór seo. Féachfaimid leis na deiseanna sin a thapú i gcomhar le hionadaithe tofa agus le hoifigigh i ngach ceann de na comhairlí nua, le go mbeidh siad ábalta seirbhísí do phobal na Gaeilge a chothú agus a fhorbairt. Mar an gcéanna cuideoidh muid leo na forálacha atá i **gCuid 3 den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh** a chomhlíonadh.

Tá an treoircháipéis seo curtha ar fáil ag Foras na Gaeilge le go mbeidh áis ag ionadaithe tofa agus ag oifigigh na gcomhairlí éagsúla le linn dóibh a bheith ag ceapadh a gcuid straitéisí agus polasaithe. Is é aidhm na treoircháipéise ná cuidiú le comhairlí an Ghaeilge a fhorbairt ina limistéir féin, seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge agus cuidiú leis na comhairlí acmhainní dá gcuid féin a fhorbairt a chuirfidh ar a gcumas dóibh seirbhísí a sholáthar i nGaeilge.

Féachann an treoircháipéis le heolas agus comhairle a chur ar fáil d'oifigigh na gcomhairlí faoi na bealaí a dtig leo tacú le cainteoirí Gaeilge agus an Ghaeilge a fhorbairt ina limistéir féin. Bealaí praiticiúla, tacúla a mholtar agus, thar rud ar bith eile, bealaí a rachaidh chun sochair dóibh siúd ar mian leo an Ghaeilge a úsáid agus a rachaidh chun sochair d'fhorbairt na teanga féin. Tá súil ag Foras na Gaeilge, tríd an treoircháipéis seo agus trí chaidreamh leanúnach le hoifigigh na gcomhairlí agus ionadaithe tofa, go mbainfear úsáid éifeachtach as am agus as acmhainní luachmhara le dul i mbun gníomhaíochtaí agus bearta a rachaidh chun tairbhe don Ghaeilge agus do phobal na Gaeilge. Anuas air sin, tá súil againn go gcuideoidh an treoircháipéis seo leis na hOllchomhairlí nua cur chuige forásach, forbraíoch a bheith acu maidir le tacaíocht a thabhairt do na pobail bheaga Ghaeilge atá ag fás de réir a chéile i limistéir na gcomhairlí.

Beidh caidreamh agus teagmháil leanúnach ag Foras na Gaeilge agus ag páirtithe eile, lena n-áirítear Conradh na Gaeilge, an cheanneagraíocht atá freagrach as an ghné seo den Ghaeilge, le hoifigigh chomhairle, féachaint cén cur chuige a bheidh ag gach ceann de na hOllchomhairlí nua i leith na Gaeilge. Chomh maith leis sin, leanfaidh Foras na Gaeilge de bheith ag cur tacaíochta ar fáil do chomhairlí agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt trínár scéim, **Scéim na nOifigeach Gaeilge**. Tá súil ag Foras na Gaeilge go mbeidh an treoircháipéis seo ina foinse eolais don phróiseas cinnteoireachta agus don fhorbairt polasaí sna comhairlí féin agus go mbeidh pobal na Gaeilge, idir lucht a labhartha agus lucht a foghlama, san áireamh i bpolasaithe agus i straitéisí na gcomhairlí de réir mar a bhíonn siad á bhforbairt.

Táimid cinnte de go mbeidh cuidiú praiticiúil sa treoircháipéis seo do gach ceann den aon cheann déag de chomhairlí nua agus go mbainfidh siad leas agus tairbhe aisti agus iad ag dul i ngleic le dúshláin a gcuid cúramaí breise.

Ferdie Mac an Fhailigh

Príomhfheidhmeannach

2. Achoimre Fheidhmeach

Tá forbairt nach beag tagtha le blianta beaga anuas ar an fhreastal a dhéanann ár n-údaráis phoiblí ar an Ghaeilge. Tá céimeanna tugtha ag roinnt comhairlí i dtreo freastal áirithe a dhéanamh ar dhaoine ar mian leo Gaeilge a úsáid. Tá tábhacht ag baint leis na céimeanna sin, más beag féin iad. Bhí ról tábhachtach ag scéim de chuid Fhoras na Gaeilge, **Scéim na nOifigeach Teanga**, maidir le cuidiú le comhairlí seirbhísí a sholáthar, go háirithe i dtaca le forbairt na Gaeilge sna comhairlí agus sa phobal.

De réir mar a shocraítear leagan amach na nOllchomhairlí nua, agus de réir mar a dhéanann siad a gcuid seirbhísí a fhorbairt agus a chur in oiriúint, beidh Foras na Gaeilge ag obair i ndlúthpháirt le hoifigigh na gcomhairlí agus le hionadaithe poiblí le tacú le forbairt leanúnach na Gaeilge sna comhairlí nua.

Sa treoircháipéis seo, gheofar samplaí de dhea-chleachtas a forbraíodh i gcomhairlí sa Tuaisceart sular cruthaíodh na hOllchomhairlí agus eolas faoi dhea-chleachtas atá in úsáid in údaráis phoiblí i ndlínsí eile. Déantar sin i bhfianaise na bhforálacha sa Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, a ndearna Rialtas na Ríochta Aontaithe (RA) í a dhaingniú in 2001, agus i bhfianaise na gceangaltas éagsúil i leith na Gaeilge atá i gComhaontú Bhéal Feirste, i gComhaontú Chill Rímhinn, in Acht Thuaisceart Éireann 1998 agus sa Chlár Rialtais reatha 2011-2015.

Ar a lán bealaí, níl aon difear ar bith idir an Ghaeilge ó thuaidh agus an-chuid teangacha eile mionlaigh san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain. I gcomhthéacs an RA, is teanga mhionlaigh í an Ghaeilge ar aon dul leis an Bhreatnais, le Gaeilge na hAlban, leis an Ultais, le Gaeilge Mhanann agus leis an Choirnis. Tá 60 teanga eile san Eoraip a áirítear mar theangacha dúchasacha nó mionlaigh. Tá timpeall 6,000 teanga ar domhan a meastar iad a bheith i mbaol. Caithfear gach ceann acu sin a chothú agus a chaomhnú le go dtiocfaidh siad slán agus le go dtiocfaidh siad faoi bhláth i bhfarradh mórtheangacha domhanda ar nós na Mandairínise, na Spáinnise, na hAraibise agus an Bhéarla.

Tá iarracht déanta sa treoircháipéis seo comhthéacs a chruthú faoi choinne obair na nOllchomhairlí i ngort na Gaeilge, ní mar theanga a bhaineann le taobh amháin den phobal, le pobal creidimh ná le féiniúlacht náisiúnta faoi leith, ach mar theanga mhionlaigh i gcomhthéacs leathan an RA agus an AE. Tá achoimre sa treoircháipéis i dtaobh na bpobal Gaeilge i limistéir na gcomhairlí éagsúla. Tá samplaí sa rannóg dea-chleachtais ar rudaí a thig leis na comhairlí a dhéanamh. Tá trí chatagóir ann:

- (i) Seirbhísí a sholáthar dóibh siúd ar mian leo Gaeilge a úsáid;
- (ii) Cur le cumas na Comhairle seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge;
- (iii) An tacaíocht is féidir le comhairlí a thabhairt ar son fhorbairt na Gaeilge ina limistéir féin.

Admhaítear nach mbeidh an t-éileamh ar sheirbhísí Gaeilge mar a chéile ó chomhairle go comhairle, agus tugtar samplaí praiticiúla de dhea-chleachtas sa treoircháipéis seo a chlúdaíonn raon leathan seirbhísí a bheidh mar eiseamláirí ag oifigigh na gcomhairlí

agus ag ionadaithe atá ag iarraidh cur chuige grádaithe a chur i bhfeidhm i ngach ceann de na trí chatagóir.

Is é atá i **Roinn 3** ná achoimre ghairid ar chúlra dlíthiúil agus reachtúil na Gaeilge ó thuaidh, a chuimsíonn an reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus Eorpach agus comhaontuithe reachtúla a bhaineann le teangacha agus le húsáid teangacha ag mionlaigh sa RA agus i gcomhthéacs na hEorpa. Ach cuirfear béim faoi leith ar thagairtí ábhartha don Ghaeilge i gcomhthéacs Thuaisceart Éireann, ó Chomhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta (1998) go dtí an tAcht Rialtais Áitiúil (2014). Aistríodh sleachta áirithe as na doiciméid seo go Gaeilge ar mhaithe le heolas; ní aistriúcháin oifigiúla iad. Tá an cúlra stairiúil i **Roinn 4**; achoimre ghairid ar chuid de na forbairtí is déanaí sa Ghaeilge agus an tionchar atá acu ar an fhreastal a dhéanfaidh an Rialtas áitiúil ar an earnáil bhisiúil seo. Tá gearrchuntas staitistiúil i **Roinn 5** ar staid reatha na Gaeilge i limistéir na n-aon chomhairle déag agus sa Tuaisceart i gcoitinne. Tugtar roinnt samplaí den fhreastal atá déanta ag comhairlí nó den fhreastal a thig leo a dhéanamh ar riachtanais cainteoirí Gaeilge ina limistéir siúd **Roinn 6**. Sna ranna deiridh tá eolas ar an dóigh a bhfuil súil ag Foras na Gaeilge gníomhú amach anseo agus eolas teagmhála úsáideach.

3. Comhthéacs dlíthiúil agus reachtúil na Gaeilge i dTuaisceart Éireann

Tugtar tacaíocht theoranta dhlíthiúil agus reachtúil don Ghaeilge i dTuaisceart Éireann faoi bhun creatlaí agus ionstraimí dlíthiúla éagsúla de chuid an RA agus de chuid na hEorpa. Tá liosta díobh thíos.

Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta (1998)

Gheall Rialtas na Breataine, faoi bhun Chomhaontú Aoine an Chéasta (GFA), an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (an Coinbhinsiún) a fhí isteach i ndlí Thuaisceart Éireann, agus Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine a chur ar bun. Dúradh gur tosaíocht a bhí ann dualgas reachtúil a chur ar údaráis phoiblí i dTuaisceart Éireann a gcuid oibre a dhéanamh “leis an aird chuí ar chomhdheiseanna a chur chun cinn.” D’aithin na rannpháirtithe uilig tábhacht na hurraime, na tuisceana agus na caoinfhulaingte fad is a bhaineann le héagsúlacht teanga. I dTuaisceart Éireann, is cuid den éagsúlacht sin í an Ghaeilge. Tá cur síos sa sliocht seo as téacs an Chomhaontaithe ar na gealltanais a tugadh i leith na Gaeilge:

a) *I gcomhthéacs an bhreithnithe ghníomhaigh atá á dhéanamh faoi láthair maidir leis an Ríocht Aontaithe do shíniú Chairt Chomhairle na hEorpa do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, déanfaidh Rialtas na Breataine go háirithe i ndáil leis an nGaeilge, más cuí agus más mian le daoine amhlaidh:*

- a.a.1. *gníomh díongbháilte chun an teanga a chur chun cinn;*
- a.a.2. *úsáid na teanga a éascú agus a spreagadh sa chaint agus i scríbhneoireacht sa saol príobháideach agus sa saol poiblí mar a mbeidh éileamh cuí ann;*
- a.a.3. *iarracht chun deireadh a chur, más féidir é, le srianta a chuirfeadh nó a d’oibreodh in aghaidh chothú nó fhorbairt na teanga;*
- a.a.4. *foráil maidir le hidirchaidreamh le pobal na Gaeilge, agus a gcuid tuairimí a léiriú d’údaráis phoiblí agus gearáin a imscrúdú;*
- a.a.5. *dualgas reachtúil a chur ar an Roinn Oideachais chun oideachas trí mheán na Gaeilge a spreagadh agus a éascú de réir na socruithe láithreacha don oideachas comhtháite;*
- a.a.6. *an scóip atá ann chun Teilifís na Gaeilge a chur ar fáil ar bhonn níos forleithne i dTuaisceart Éireann a scrúdú, mar ábhar práinne, in éineacht le húdaráis iomchuí na Breataine agus i gcomhar le húdaráis chraolacháin na hÉireann;*
- a.a.7. *bealaí níos éifeachtaí a lorg chun spreagadh agus tacú airgeadais a thabhairt do léiriú scannán agus clár teilifíse trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann; agus*
- a.a.8. *na páirtithe a spreagadh chun teacht ar chomhaontú go leanfaidh Tionól nua den tiomantas sin ar shlí a chuirfidh san áireamh mianta agus íogaireachtaí an phobail.*

An tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann (1999)/ an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999

Ba de bhun an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann (1999) a bunaíodh

Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas. Bunaíodh Foras na Gaeilge mar thaobh na Gaeilge den Fhoras Teanga agus is é atá freagrach as an Ghaeilge a chur chun cinn i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann. Tá ról reachtúil aige maidir le comhairle a chur ar an dá rialtas, ar chomhlachtaí poiblí agus ar ghrúpaí eile sna hearnálacha príobháideacha agus deonacha.

An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh (An Chairt).

Conradh Eorpach is ea an Chairt (CETS 148) a rinneadh in 1992 faoi choimirce Chomhairle na hEorpa le teangacha réigiúnacha agus mionlaigh san Eoraip a chaomhnú agus a chur chun cinn. Tá an Ghaeilge ar cheann de na teangacha atá clúdaithe sa Chairt, a rinne Rialtas an RA a dhaingniú in 2001. Luaigh Rialtas an RA an Ghaeilge ar cheann de thrí theanga (Gaeilge na hAlban agus an Bhreatnais na teangacha eile) a cláraíodh faoi **Chuid III** den Chairt. Thoiligh Rialtas an RA gealltanais faoi leith a thabhairt maidir le bearta i réimsí an oideachais, údaráis riaracháin, na meán, cúrsaí cultúrtha, eacnamaíochta agus sóisialta agus comhaisig trasteorann.

Tagraíonn **Alt 10** de CETRM go sonrach d'Údaráis Riaracháin, a chuimsíonn Comhairlí Áitiúla, agus leagtar amach ann na forálacha sin laistigh de CETRM nach mór do chomhairlí cloí leo. I measc na n-oibleagáidí faoi CETRM tá na cinn seo a leanas:

- a.a.9. A chinntiú gur féidir le lucht úsáide na Gaeilge iarratais ó bhéal nó i scríbhinn i nGaeilge a chur isteach chuig an údarás riaracháin;
- a.a.10. A cheadú do na húdaráis riaracháin doiciméid a dhréachtú i nGaeilge;
- a.a.11. An Ghaeilge a úsáid i ndíospóireachtaí ina gcomhthionóil, ach gan úsáid theanga oifigiúil nó theangacha oifigiúla an Stáit a eisiamh ar a shon sin;
- a.a.12. Foirmeacha traidisiúnta cearta de logainmneacha a úsáid nó a ghlacadh in éineacht, más gá, leis an ainm sa teanga oifigiúil nó sna teangacha oifigiúla. A chinntiú gur féidir le lucht úsáide na Gaeilge iarraidh a chur isteach ar sheirbhísí poiblí i nGaeilge.
Úsáid nó glacadh ainmneacha Gaeilge a cheadú ar iarratas.
Le cloí leis na nithe thuas tá oibleagáid ar chomhairlí aistriúchán nó ateangaireacht a chur ar fáil de réir mar is gá.

In **Airteagal 12** tá sonraí ann faoi na hoibleagáidí seo a leanas:-

- Maidir le gníomhaíochtaí agus acmhainní cultúrtha, go háirithe leabharlanna, leabharlanna físe, ionaid chultúrtha, iarsmalanna, cartlanna, acadaimh, amharclanna agus pictiúrlanna chomh maith le saothar liteartha agus léiriúcháin scannáin, foirmeacha dúchasacha den chultúr, féilte agus na tionscadail chultúrtha, lena n-áirítear inter alia úsáid teicneolaíochtaí nua -geallann na Páirtithe, sna réimsí ina mbaintear úsáid as teangacha den chineál seo agus ag brath ar chumas na n-údarás, ar chumhacht nó ar ról na n-údarás poiblí sa ghort seo, geallann siad:
- go dtacóidh siad le gach dóigh ina gcuirtear teangacha réigiúnacha nó mionteangacha chun tosaigh agus le gach tionscnamh a bhaineann leo agus go gcothóidh siad dóigheanna éagsúla rochtana ar shaothair a chuirtear ar fáil sna teangacha seo;



- go gcinnteoidh siad go nglacann na forais atá freagrach as gníomhaíochta cultúrtha de chineálacha áirithe san áireamh mar is ceart eolas ar agus úsáid teangacha réigiúnacha agus mionteangacha
- agus cultúr sna gealltanais a dtugann siad fúthu nó a dtacaíonn siad leo;
- go gcuirfear bearta chun tosaigh lena chinntiú go mbíonn an fhoireann chuí ag na forais atá freagrach as gníomhaíochtaí cultúrtha a eagrú nó a thacú agus go mbíonn máistreacht iomlán acu
- ar an teanga réigiúnach nó ar an mhionteanga atá i gceist chomh maith le máistreacht ar theanga(cha) an chuid eile den phobal;
- go spreagfar rannpháirtíocht dhíreach ag ionadaithe na n-úsáideoirí teanga réigiúnaí nó mionteanga trí acmhainní a sholáthar agus trí ghníomhaíochtaí cultúrtha a phleanáil.

Moltar, in Airteagal 14 Transfrontier Exchanges, go gcothóidh an Chomhairle teagmháil idir úsáideoirí Gaeilge ar bhonn trasteorann “le leas teangacha réigiúnacha nó mionteangacha, le comhoibriú trasteorann a éascú agus/nó a chur chun cinn, go háirithe idir údarais réigiúnacha nó áitiúla ina mbaintear úsáid as an teanga chéanna ar an bhealach chéanna nó ar bhealach cosúil leis”

Tá an Chairt Eorpach bunaithe ar choincheap neamh-idirdhealaithe, is é sin, nach ndéantar idirdhealú ar lucht na mórteanga trí ghníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm atá ann leis na mionteangacha dúchasacha a chosaint agus a chur chun tosaigh.

“Tugann na Páirtithe faoi, mura bhfuil sé déanta acu cheana féin, deireadh a chur le aon idirdhealú, eisiamh, bhac nó tosaíocht a dhéanamh maidir le húsáid teanga réigiúnaí nó mionteanga nó iarracht ar bith chun cothabháil ná forbairt na teanga a chur i mbaol nó a dhíspreagadh. Más amhlaidh go gcuirtear bearta faoi leith i bhfeidhm atá i bhfách le teangacha réigiúnacha nó mionlaigh agus atá dírithe ar chomhionannas a chur chun tosaigh idir úsáideoirí na dteangacha seo agus an chuid eile den phobal nó a thugann san áireamh na dálaí faoi leith a bhaineann leo ní hionann sin agus a rá gur gníomh idirdhealaithe é sin in aghaidh úsáideoirí atá in úsáid níos minice”.

Comhaontú Chill Rímhinn (2006)

Tá ráite i gComhaontú Chill Rímhinn (2006):

“Tabharfaidh an Rialtas isteach Acht na Gaeilge ina léireofar taithí na Breataine Bige agus na hÉireann agus oibreoidh siad i bpáirt leis an Fheidhmeannas atá le toghadh le forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint.”

An Clár Rialtais 2011-2015

Sa doiciméad **Clár Rialtais 2011-2015**, luaigh Feidhmeannas Thuaisceart Éireann Straitéis Ghaeilge a bheith ar cheann de phríomhghnéithe an cheanteidil **Tosaíocht 4 Pobal**

Láidir, Comhroinnte a Chothú. Tháinig seo sna sála ar chomhaontuithe idir Rialtais na Breataine agus na hÉireann, a raibh sé de thoradh orthu sa bhliain 2006 gur leasaíodh Acht Thuaisceart Éireann (TÉ) 1998 ar shlí a chuir dualgas ar an Fheidhmeannas “*Straitéis a ghlacadh ina leagtar amach mar a bheartaíonn sé forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint*”.

Is í an Roinn Cultúir, Ealaíon & Fóillíochta (DCAL) an roinn Rialtais i dTuaisceart Éireann a dhéanann urraíocht ar Fhoras na Gaeilge. Is é DCAL a chuireann 25 faoin chéad de bhuiséad bliantúil Fhoras na Gaeilge ar fáil. Tugann DCAL tacaíocht do thionscadail Ghaeilge faoi leith sa Tuaisceart, mar shampla na tionscadail *Ceathrú Ghaeltachta* i mBéal Feirste agus i nDoire. Is é DCAL an Roinn Rialtais atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú threoirlínte na Cairte Eorpaí i gcomhthéacs Thuaisceart Éireann agus an feidhmiú sin a chur chun cinn.

D’fhoilsigh an Roinn Cultúir, Ealaíon & Fóillíochta le déanaí a “*Straitéis le Forbairt na Gaeilge a Fheabhsú agus a Chosaint*”. Is iad príomhaidhmeanna na Straitéise:

- a.a.13. Tacú le foghlaim agus sealbhú na Gaeilge ar ardchaighdeán agus go hinbhuanaithe.*
- a.a.14. Stádas agus infheictheacht na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint.*
- a.a.15. Gréasáin agus pobail Ghaeilge a bhunú ar ardchaighdeán agus go hinbhuanaithe*
- a.a.16. An Ghaeilge a chur chun cinn ar dhóigh a chuideoidh pobal láidir, comhroinnte a chothú.*

An tAcht Rialtais Áitiúil (Tuaisceart Éireann) 2014

De réir choinníollacha an Achta seo, caithfidh beart ar bith a mholann Comhairle a bheith i gcomhréir le cibé *oibleagáidí idirnáisiúnta* a bheadh ann. Áirítear leis sin bearta a bhaineann leis an Ghaeilge agus leis an phobal Gaeilge atá faoi chúram na Comhairle. Is aistriúchán neamhoifigiúil Gaeilge é seo ar an téacs a bhaineann le hábhar:

Oibleagáidí idirnáisiúnta

- 107—(1)** *Má mheasann roinn ar bith de chuid Thuaisceart Éireann go mbeadh aon bheart atá sé ar intinn ag comhairle a dhéanamh ag teacht salach ar oibleagáidí idirnáisiúnta, is féidir leis an roinn a ordú nach ndéanfar an beart sin.*
- (2) *Má mheasann roinn ar bith de chuid Thuaisceart Éireann go bhfuil aon bheart a d’fhéadfadh comhairle a dhéanamh riachtanach chun éifeacht a thabhairt d’oibleagáidí idirnáisiúnta, is féidir leis an roinn a ordú go ndéanfar an beart sin.*
- (3) *I gcás ordú a dhéanfar faoi bhun an ailt seo, caithfear na cúiseanna a ndearnadh an t-ordú a thabhairt agus is féidir go ndéanfar foráil a mbeidh éifeacht chúlghabhálach léi.*
- (4) *San alt seo is ionann an chiall atá le oibleagáidí idirnáisiúnta agus an chiall atá leis in Acht Thuaisceart Éireann 1998.*

Tá roinnt oibleagáidí idirnáisiúnta ann a d’fhéadfadh a bheith tábhachtach sa chomhthéacs seo.

Coinbhinsiún UNESCO i gcoinne Idirdhealú san Oideachas (1960)

Is aistriúchán neamhoifigiúil Gaeilge é seo ar fhorálacha atá i gCoinbhinsiún UNESCO i gcoinne Idirdhealú san Oideachas:

Airteagal 1

1. Chun críche an Choinbhinsiúin seo, folaíonn an téarma ‘idirdhealú’ aon idirdhealú, eisiámh, srianadh nó fabhar a dhéantar mar gheall ar chine, dhath craicinn, ghnéas, theanga, reiligiúin, thuairim pholaitiúil nó eile, bhunadh náisiúnta nó sóisialta, staid eacnamaíoch nó bhreith a bhfuil sé de chuspóir nó de thionchar aige cóir chothrom san oideachas a chur ar neamhní nó a lagú, go háirithe:

(a) Deiseanna oideachais d’aon chineál nó ar aon leibhéal a shéanadh ar aon duine nó ar aon ghrúpa daoine;

(b) Gan ach oideachas de chaighdeán íseal a chur ar fáil d’aon duine nó aon grúpa daoine;

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

Tá an fhoráil seo a leanas i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh:

Airteagal 29. 1 Aontaíonn na Státpháirtithe go mbeidh oideachas an linbh dírithe ar:

(c) Meas ar thuismitheoirí an linbh a chothú, ar a f(h)éiniúlacht chultúrtha, t(h)eanga agus a luachanna féin, ar luachanna náisiúnta na tíre ina gcónaíonn gcónaíonn an leanbh, ar an tír arb as é/í ó thosach, agus ar shibhialtachtaí nach ionann lena s(h)ibhialtacht féin.

An Creat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint:

Tá an fhoráil seo a leanas sa Chreat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint:

Airteagal 10

Geallann na Páirtithe a aithint go bhfuil sé de cheart ag gach duine de mhionlach náisiúnta a t(h)eanga mhionlaigh féin a úsáid go saoráideach gan bhac, go príobháideach agus go poiblí, ó bhéal agus i scríbhinn.

Sna ceantair sin ina bhfuil cónaí ar dhaoine den mhionlach náisiúnta go stairiúil, nó a bhfuil líon mór acu iontu, má iarrann na daoine sin é, d’fhonn freastal ar fhíorriachtanas, déanfaidh na Páirtithe iarracht na socruithe a chinntiú a oiread agus is féidir le go mbeifear in ann an teanga mhionlaigh a úsáid sa chaidreamh idir na daoine sin agus na húdaráis riaracháin.

Airteagal 11

Geallann na Páirtithe a aithint go bhfuil sé de cheart ag gach duine de mhionlach náisiúnta a s(h)loinne (ainm sinsearachta) agus céadainmneacha sa teanga mhionlaigh a úsáid agus go bhfuil sé de cheart acu go mbeidh aitheantas oifigiúil ag

na hainmneacha sin, de réir na socruithe atá déanta ina gcóras dlí.

Geallann na Páirtithe a aithint go bhfuil sé de cheart ag gach duine de mhionlach náisiúnta comharthaí, inscríbhinní agus eolas eile príobháideach a thaispeáint le bheith le feiceáil go poiblí sa teanga mhionlaigh.

Sa ceantair sin ina bhfuil cónaí stairiúil ar líon substaintiúil daoine den mhionlach náisiúnta, déanfaidh na Páirtithe iarracht, de réir chreatlach a gcórais dlí, lena n-áirítear, de réir mar is cuí, comhaontuithe le Stáit eile, agus de réir a sainchúinsí féin, go dtaispeánfar sa teanga mhionlaigh ainmneacha áitiúla, sráidainmneacha agus táscairí topagrafacha eile atá ceaptha i gcomhair úsáid phoiblí i gcás go bhfuil leoréileamh ar a leithéid de tháscairí.

An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine

Tá an fhoráil seo a leanas sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine:

AIRTEAGAL 1 Cosc ginearálta ar idirdhealú

1. Déanfar gach ceart atá leagtha amach sa dlí a thabhairt slán gan aon idirdhealú ar fhoras ar bith mar ghnéas, chine, dhath craicinn, theanga, reiligiún, thuairim pholaitiúil nó eile, bhunadh náisiúnta nó sóisialta, bhainteacht le mionlach náisiúnta, maoin, breith nó stádas eile.

2. Ní dhéanfaidh aon údarás poiblí idirdhealú ar dhuine ar fhoras ar bith mar iad siúd atá luaite i bparagraf 1.

Acht Thuaisceart Éireann (1998)

Tá ráite in Acht Thuaisceart Éireann (1998):

Cuireann na dualgais reachtúla faoi Alt 75 iallach ar údaráis phoiblí an aird chuí a bheith acu ar an mhian chomhdheiseanna a chur chun cinn agus aird a bheith acu ar an dea-chaidreamh a chur chun cinn.

San am atá thart, baineadh míbhrí as an méid sin, fad is a bhaineann sé le freastal ar phobal na Gaeilge. Tá soiléiriú dlíthiúil faighte ó shin a chruthaíonn nach mbíonn tionchar diúltach ag an Ghaeilge ar na rudaí atá luaite san alt.

Rinneadh an cheist seo ‘tionchar diúltach’ – go gcinneadh údaráis phoiblí gan tionscadail nó bearta a bhaineann leis an Ghaeilge a chur sa siúl ar fhaitíos go mbeidís ag teacht salach ar Alt 75 nó ar choinbhinsiúin eile chomhionannais – a shoiléiriú i roinnt tuarascálacha, agus tá aistriúcháin neamhoifigiúla ar shleachta as dhá cheann díobh tugtha thíos.

Ba é an chomhairle a bhí ag Coiste Saineolaithe na Cairte Eorpaí (COMEX) NACH FÉIDIR a mhaíomh gur beart idirdhealaitheach (i.e. go mbeadh ‘tionchar diúltach’ aige de réir théarmaí Alt 75) aon bheart speisialta atá ag teacht leis an Chairt.

Leagann an Coiste saineolaithe béim ar an méid seo ... ní hionann bearta speisialta a dhéanamh i bhfabhar teangacha réigiúnacha nó mionlaigh, d'fhonn cothroime a bhaint amach idir úsáideoirí na dteangacha sin agus an chuid eile den daonra, nó a chuireann a gcúinsí faoi leith san áireamh, ní hionann é sin agus idirdhealú i gcoinne úsáideoirí teangacha atá in úsáid ar bhonn níos fairsinge.

An Tríú Tuairisc Mhonatóireachta RA, paragraf 123

Bhí a leithéid chéanna á mhaíomh ag an Choiste Chomhairleach um an Chreat-Choinbhinsiún do Mhionlaigh Náisiúnta:

Níl ráitis den chineál sin ag teacht le prionsabail an Chreat-Choinbhinsiúin, go háirithe le forálacha Airteagal 10. Athdhearbhaítear fosta, de réir Airteagal 4.2 agus Airteagal 4.3 den Chreat-Choinbhinsiún, nach ionann cosaint a dhéanamh ar chearta pobal mionlaigh faoi bhun an Chreat-Choinbhinsiúin agus idirdhealú a dhéanamh ar dhaoine eile...

Comhairle na hEorpa (2011) Coiste Chomhairleach um an Chreat-Choinbhinsiún do Mhionlaigh Náisiúnta (Tríú Tuairim ar an RA) ACFC/OP/III(2011)006 (ar glacadh leis 30 Meitheamh 2011), paragraf 147.

Is oth linn gur minic a chuirtear i gcoinne bearta a chuirfeadh le hinfheictheacht agus le húsáid na teanga seo ar an ábhar gur idirdhealú é sin ar ghrúpaí eile sa phobal.

Comhairle na hEorpa (2011) Coiste Chomhairleach um an Chreat-Choinbhinsiún do Mhionlaigh Náisiúnta (Tríú Tuairim ar an RA) ACFC/OP/III(2011)006 (ar glacadh leis 30 Meitheamh 2011), paragraf 21.

Cuireadh in iúl don Choiste Chomhairleach go rabhthas ag maíomh, i gcásanna áirithe, gur úsáideadh cur chun cinn an dea-chaidrimh mar chosaint in éadan bearta a dhéanamh ar son daoine a bhaineann le mionlaigh, mar shampla comharthaí dátheangacha a chrochadh...

Comhairle na hEorpa (2011) Coiste Chomhairleach um an Chreat-Choinbhinsiún do Mhionlaigh Náisiúnta (Tríú Tuairim ar an RA) ACFC/OP/III(2011)006 (ar glacadh leis 30 Meitheamh 2011), paragraf 126.

Is ábhar imní don Choiste Chomhairleach nach bhfuil an cur chuige seo ag teacht le spiorad an Chreat-Choinbhinsiúin, go háirithe le forálacha Airteagal 11, a bhfuil sé d'aidhm aige urraim a thabhairt d'úsáid teangacha mionlaigh, lena n-áirítear crochadh comharthaíocht dhátheangach, d'fhonn an chaoinfhuilngt agus an dialóg idirchultúrtha a chur chun cinn sa tsochaí.

Comhairle na hEorpa (2011) Coiste Chomhairleach um an Chreat-Choinbhinsiún do Mhionlaigh Náisiúnta (Tríú Tuairim ar an RA) ACFC/OP/III(2011)006 (ar glacadh leis 30 Meitheamh 2011), paragraf 158

4. Cúlra stairiúil

Ról na Gaeilge sa Rialtas Áitiúil

Beidh cuid mhaith den méid a dhéanfar ag leibhéal Rialtais Áitiúil le tacú leis an Ghaeilge agus le seirbhísí a chur ar fáil do phobal na Gaeilge i gceantar Comhairlí bunaithe ar an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh agus ar reachtaíocht agus ar shocruithe Rialtais mar atá leagtha amach thuas sa cháipéis seo faoin roinn ar *Comhthéacs dlíthiúil agus reachtúil na Gaeilge i dTuaisceart Éireann*. Ó shínigh Rialtas na Ríochta Aontaithe an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh in 2001, tá dualgas ar Chomhairlí Áitiúla ó thuaidh tabhairt faoi threisiú na Gaeilge taobh istigh den Chomhairle agus i gceantar na Comhairle.

De réir **Airteagal 7** den Chairt is ar na prionsabail agus na cuspóirí seo a leanas a bhunóidh páirtithe (Comhairlí Áitiúla sa chás seo), a gcuid polasaithe agus a gcuid cleachtas:

1.
 - (c) an riachtanas atá le gníomh diongbháilte d'fhonn teangacha réigiúnacha nó mionlaigh a chur ar aghaidh ar mhaithe lena gcoimirciú;
 - (d) úsáid teangacha réigiúnacha nó mionlaigh sa chaint agus i scríbhinn a éascú agus/nó a chothú, sa saol poiblí agus príobháideach;

Déanann Coiste Saineolaithe (COMEX) na Cairte Eorpaí imscrúdú ar chomhlíontacht Comhairlí lena n-oibleagáidí faoin gCairt Eorpach.

Tá réimse de sheirbhísí Gaeilge forbartha ag cuid de na Comhairlí áitiúla a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas: cúram custaiméara ar an líne tosaigh; seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta; cláir teagaisc Ghaeilge d'oibrithe na Comhairle agus cláir oiliúna ar fheasacht teanga; agus cláir imeachtaí agus gníomhaíochtaí cultúrtha. Tá polasaí Gaeilge ag roinnt Comhairlí agus, de ghnáth, cuimsíonn na polasaithe sin na gnéithe seo a leanas:

- Féiniúlacht Chorparáideach;
- Comhfhreagras;
- Cumarsáid Teileafóin;
- Foilseacháin agus Ríomheolas;
- Teagmháil leis na Meáin Ghaeilge;
- Léiriúcháin/ Ócáidí Poiblí;
- Imeachtaí;
- Comharthaíocht agus Infheictheacht;
- Maoiniú.

Scéim na nOifigeach Gaeilge

Cuidíonn **Scéim Oifigeach Gaeilge** Foras na Gaeilge le Comhairlí áitiúla chun:

- ceannaireacht chathartha a chur ar fáil i gcur chun cinn na Gaeilge;
- seirbhísí Gaeilge agus eolas trí Gaeilge a chur ar fáil;
- an Ghaeilge a chur chun cinn go feiceálach mar fhíormhodh cumarsáide;
- feasacht ar an Ghaeilge agus ar phobal na Gaeilge a ardú;
- meas ar éagsúlacht teanga agus cultúir a chothú i measc an phobail;
- a chinntiú go gcuirtear bearta oiriúnacha i bhfeidhm le dul i ngleic lena dualgais faoin Chairt Eorpach, faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta agus faoin Straitéis do Theangacha Réigiúnacha (DCAL) nó faoin Bhille/Acht Gaeilge atá le teacht;
- comhairle a thabhairt maidir le feabhsúcháin seirbhíse atá indéanta nuair a bhíonn íogaireacht faoi theangacha eile i gcultúr na heagraíochta;
- tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do phobal na Gaeilge chun úsáid a bhaint as an Ghaeilge nuair a bhíonn siad ag plé le Comhairlí agus cur le féinmhuinín an phobail maidir le seirbhísí a éileamh;
- cuidiú leis an Chomhairle chun cur le cumas na foirne seirbhísí a chur ar fáil do phobal na Gaeilge trí Ghaeilge;
- a chinntiú go mbeidh pointe teagmhála/cumarsáide lárnach ann sa Chomhairle do Ghaeilgeoirí lena chinntiú go mbíonn pobal na Gaeilge in ann seirbhísí a éileamh;
- cuidiú le gníomhaíochtaí Gaeilge sa cheantar a chomhordú;
- stádas na Gaeilge a ardú laistigh den Chomhairle mar eagraíocht agus ar fud cheantar na Comhairle;
- an teanga a normalú agus a phríomhshruthú;
- a chinntiú go gcosnaítear an teanga, go gcuirtear chun cinn í agus go ndéantar í a cheiliúradh i ngach aon ghné de shaol an phobail;
- bheith ina heiseamláir dea-chleachtais le haghaidh eagraíochtaí eile lena spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid ina n-obair féin
- comhpháirtíocht le hearnáil na Gaeilge a spreagadh.

In 2006 bhunaigh Foras na Gaeilge Scéim na nOifigeach Forbartha Gaeilge do Chomhairlí i dTuaisceart Éireann, bunaithe ar a mhacasamhail de scéim a bhí i bhfeidhm ó dheas faoi Bhord na Gaeilge ó lár na nóchaidí. Faoin scéim seo, cuireadh cómhaoiniú ar fáil le haghaidh tuarastal Oifigeach Gaeilge go ceann trí bliana, i gcomhar leis na Comhairlí Áitiúla ar choinníoll go n-ullmhófaí Plean Gníomhaíochta don Chomhairle i gcomhar le Foras na Gaeilge. D'éirigh leis na Comhairlí seo a leanas cómhaoiniú a bhaint amach faoin scéim 2007 – 2010:

- Comhairle Ceantair Mhachaire Fíolta & Comhairle Bhuirg Léim an Mhadaidh
- Comhairle Dhún Geanainn & Thír Eoghain Theas agus Comhairle na Corra Críochaí
- Comhairle Cathrach Dhoire.

Fógraíodh an dara scéim don tréimhse 2010 – 2013 agus ina dhiaidh sin don tréimhse 2013 – 2016. Is iad na cúig Chomhairle chéanna a bhí ag feidhmiú faoin scéim go dtí gur athraíodh teorainneacha na gcomhairlí faoin Athbhreithniú ar Riarachán Poiblí ó thuaidh.

Tá réimse leathan seirbhísí Gaeilge curtha ar fáil don phobal agus d'fhoireann na gComhairlí ó cuireadh tús leis an scéim in 2007. Is samplaí iad seo thíos de na tionscnaimh a bunaíodh de bharr na scéime:

- Clár Oiliúna Theagasc na Gaeilge d'oibrithe na gComhairlí;
- Clár Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí Cultúrtha;
- Comhairle agus tacaíocht d'oibrithe na gComhairlí agus don phobal a bhíonn ag éileamh seirbhísí trí Ghaeilge; agus
- Seirbhísí Aistriúcháin Inmheánacha.

Lena chois sin, faoin scéim tugtar aitheantas don teanga ar fud na gComhairlí trí eolas agus sheirbhísí cuimsitheacha i nGaeilge a chur ar fáil, agus trí réimse oibre nach mbeadh déanta murach ceapacháin na nOifigeach Forbartha Gaeilge sna Comhairlí Áitiúla.

An Ghaelscolaíocht

Tá borradh faoi earnáil an Tumoideachais Lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann, agus tá seirbhís óige bhisiúil i ndiaidh teacht ar an fhód le freastal uirthi. Is daoine óga iad céatadán suntasach de lucht úsáidte na Gaeilge ina lán ceantair chomhairle, agus tá an céatadán sin ag méadú i gcónaí. Is i nGaeilge atá oideachas á chur ar na daoine óga seo agus, i gcás sciar díobh, sciar atá ag dul i méid le himeacht ama, is í an Ghaeilge teanga an teaghlaigh agus teanga an chaidrimh shóisialta. Níos mó ná riamh, is é an pobal óg Gaeilge seo a bheidh ag iarraidh tacaíochta agus seirbhísí Gaeilge óna gcomhairlí áitiúla. Tá sé tábhachtach teacht ar thuiscint maidir lena riachtanais agus leis éileamh atá acu ar sheirbhísí agus ar thacaíocht le go mbeidh na Comhairlí in ann a gcuid seirbhísí a chur in oiriúint.

In 2014 bhí 45 réamhscoil, 35 bunscoil agus cúig iar-bhunscoil ag soláthar oideachais trí Ghaeilge do bhreis agus 5,000 páiste. Tá pobal beag ann, pobal atá ag fás, arb í an Ghaeilge a gcéad teanga, ach baineann formhór mór na bpáistí sna gaelscoileanna le teaghlaigh nach mbíonn an Ghaeilge á labhairt mar theanga theaghlaigh iontu. Bíonn na daoine óga á dteagasc i gcóras tumoideachais a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige, agus baineann siad leibhéal cumais níos airde amach ná mar a bhaineann páistí a dhéanann staidéar ar an Ghaeilge mar ábhar scoile. Tugann na gaelscoileanna deis do dhaltaí a scileanna teanga a fhorbairt trí ghnáthimeachtaí scoile. Tá an luath-thumoideachas (ón réamhscoil go dtí an iar-bhunscoil) aitheanta ag an Roinn Oideachais ó thuaidh mar an cineál oideachais is éifeachtaí ó thaobh sealbhú teanga de (Johnson agus Swain, 1997). Lena chois sin, freastalaíonn an t-oideachas lán-Ghaeilge ar an líon beag bisiúil páistí a bhaineann le teaghlaigh ina labhraítear an Ghaeilge. Tá na haidhmeanna céanna ag lucht oideachais lán-Ghaeilge agus atá ag lucht earnáil oideachais ar bith eile i dtaca leis an churaclam a mhúineadh, cultúr a sheachadadh agus scileanna sóisialta a mhúineadh do pháistí. Déanann páistí i scoileanna lán-Ghaeilge staidéar ar an churaclam céanna a theagasctar i scoileanna Béarla, ach amháin go múintear an litearthacht Ghaeilge sa bhreis ar an litearthacht Bhéarla. Mar sin de, cuireann an tumoideachas na torthaí is fearr ar fáil do gach foghlaimeoir ó thaobh an oideachais, ó thaobh na teanga agus ó thaobh forbairt chognaíoch, mhothúcháinach agus shóisialta de.

Bíonn seirbhísí óige Gaeilge ag freastal ar dhaoine óige ar fud an Tuaiscirt. I Márta 2014, bhí 23 chlub i mbun oibre trí mheán na Gaeilge, ag soláthar seirbhísí do dhaoine óga i 30 bunscoil a chuireann oideachas ar fáil trí mheán na Gaeilge, i 5 iar-bhunscoil a bhfuil soláthar trí mheán na Gaeilge iontu agus i 15 iar-bhunscoil Bhéarla ina bhfuil an Ghaeilge á múineadh ina dara teanga. Bíonn timpeall 1,000 duine óg ag freastal ar chlubanna óige a bhíonn á reáchtáil trí mheán na Gaeilge ina gceantar féin. Bíonn os cionn 100 oibrí óige ag plé leis an obair, ar bhonn deonach, den chuid is mó.

Tá faisnéis staitistiúil sna táblaí ar leathanach 18 mar gheall ar sholáthar trí mheán na Gaeilge sna 11 cheantar Comhairle. Is do chlubanna óige Gaeilge atá an réiltín (*) atá taobh le cuid de na huimhreacha sa cholún *Líon Daltaí* ag tagairt.



1. Cathair Bhéal Feirste

Ainm	Baile	Líon daltaí (2014/15)
Naíscóil Mhic Reachtain	Béal Feirste	27
Naíscóil an Lonnáin	Béal Feirste	13
Naíscóil an tSléibhe Dhuibh	Béal Feirste	29
Luathbhlianta an tSléibhe Dhuibh	Béal Feirste	24
Naí-Ionad Ard Eoin	Béal Feirste	15
Naíscóil Bheann Mhadagáin	Béal Feirste	30
Naíscóil Bhreandáin	Béal Feirste	52
Tús Maith	Béal Feirste	12
Gael Spraoi	Béal Feirste	26
Naíscóil na Móna	Béal Feirste	47
Naíonra an Droichid	Béal Feirste	24
Naíscóil an Droichid	Béal Feirste	29
Naíscóil na Fuiseoige	Béal Feirste	62
Bunscoil an tSléibhe Dhuibh	Béal Feirste	159
Bunscoil Bheann Mhadagáin	Béal Feirste	126
Bunscoil Phobal Feirste	Béal Feirste	263
Bunscoil Mhic Reachtain	Béal Feirste	84
Gaelscoil an Lonnáin	Béal Feirste	54
Gaelscoil na bhFál	Béal Feirste	161
Gaelscoil na Móna	Béal Feirste	102
Scoil an Droichid	Béal Feirste	128
Scoil na Fuiseoige	Béal Feirste	129
Coláiste Feirste	Béal Feirste	612
Club Óige an Chollain	Béal Feirste	Níl figiúirí ar fáil
Club Óige an Droichid	Béal Feirste	Níl figiúirí ar fáil
Club Óige Mhachaire Bótháin	Béal Feirste	Níl figiúirí ar fáil
Club Óige Mhic Reachtain	Béal Feirste	Níl figiúirí ar fáil
Cumann Óige Chluanaí	Béal Feirste	Níl figiúirí ar fáil
Cumann Óige Bhóthar na bhFál	Béal Feirste	Níl figiúirí ar fáil
Cumann Óige Ghlór an Ghleanna	Béal Feirste	Níl figiúirí ar fáil

2. Ceantar an Dúin Thuaidh agus na hArda

0

3. Ceantar Aontroma agus Bhaile na Mainistreach

Ainm	Baile	Líon daltaí (2014/15)
Naíscóil Ghleann Darach	Cromghlinn	18
Naíscóil Éanna	Gleann Ghormlaithe	26
Naíscóil na Tamhnaí Móire	An Tamhnach Mhór	22
Gaelscoil Ghleann Darach	Cromghlinn	77
Gaelscoil Éanna	Gleann Ghormlaithe	158
Club Óige Chroí Éanna	Gleann Ghormlaithe	Níl figiúirí ar fáil

**4. Ceantar Chathair Lios na gCearrbhach agus an Chaisleáin Riabhaigh 0****5. Ceantar Chathair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin**

Ainm	Baile	Líon daltaí (2014/15)
Naíscóil an Iúir	An tIúir	16
Naíscóil an Chreagáin	Béal Áth an Airgid	16
Naíscóil na mBeann	Cill Chaoil	16
Naíscóil an Chéide	An Céide	10
Naíscóil Shliabh gCuilinn	Baile an Chláir	24
Naíscóil Dhún Pádraig	Dún Pádraig	30
Naíscóil Uachtar Tíre	Caisleán Uidhilín	61
Naíscóil Chill Locha	Cill Locha	16
Bunscoil an Iúir	An tIúir	87
Bunscoil Phádraig Naofa	Crois Mhic Lionnáin	122
Gaelscoil na mBeann	Cill Chaoil	46
Bunscoil Bheanna Boirche	Caisleán Uidhilín	86
Scoil Mhuire & Phádraig	Dún Pádraig	100
Ardscóil Mhaolmhaodhóg	Caisleán Uidhilín	28
Club Óige Chaisleán Uidhilín	Caisleán Uidhilín	Níl figiúirí ar fáil
Club Óige an Dúin	Dún Pádraig	Níl figiúirí ar fáil
Club Óige an Iúir	An tIúir	Níl figiúirí ar fáil
Ógras Chrois Mhic Lionnáin	Crois Mhic Lionnáin	Níl figiúirí ar fáil
Club Óige Naomh Pádraig	Droichead Mhaigh Eo	Níl figiúirí ar fáil
Cumann Óige Bhoirche Íochtair	Caisleán Uidhilín	Níl figiúirí ar fáil
Ógras Oiriaila	Crois Mhic Lionnáin	Níl figiúirí ar fáil

6. Ceantar agus Aontroma Láir agus Thoir 0**7. Ceantar Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon**

Ainm	Baile	Líon daltaí (2014/15)
Naíscóil Chois Locha	An Lorgain	23
Naíscóil na Banna	Port an Dúnáin	16
Naíscóil na mBráithre Críostaí	Ard Mhacha	26
Bunscoil na mBráithre Críostaí	Ard Mhacha	146
Bunscoil Eoin Baiste	Port an Dúnáin	54
Bunscoil Naomh Proinsias	An Lorgain	156
Coláiste Chaitríona	Ard Mhacha	147
Club na nÓg	An Lorgain	Níl figiúirí ar fáil
Club Spraoi Ghráinseach Mhór	Ard Mhacha	Níl figiúirí ar fáil

8. Ceantar Chlochán an Aifir agus na nGlinnte

Ainm	Baile	Líon daltaí (2014/15)
Naíscóil Ghleann an Iolair	Gleann Iolair	15
Naíscóil Léim an Mhadaidh	Léim an Mhadaidh	17
Naíscóil Neachtain	Dún Geimhin	25
Naíscóil an Chaistil	Baile an Chaistil	25
Gaelscoil an Chaistil	Baile an Chaistil	83
Gaelscoil Léim an Mhadaidh	Léim an Mhadaidh	68
Gaelscoil Neachtain	Dún Geimhin	86
Coláiste Dhoire	Dún Geimhin	15
Campa Chormaic Chontae Dhoire	Dún Geimhin	Níl figiúirí ar fáil
Cumann Iománaíochta Chaoimhín Uí Loinsigh	Dún Geimhin	Níl figiúirí ar fáil
Ógras Bhaile an Chaistil	Baile an Chaistil	Níl figiúirí ar fáil
Glór Dhún Geimhin	Dún Geimhin	Níl figiúirí ar fáil
Óg-Ógras Dhún Geimhin	Dún Geimhin	Níl figiúirí ar fáil

9. Ceantar Lár Uladh

Ainm	Baile	Líon daltaí (2014/15)
Naíscóil Charn Tóchair	Machaire Rátha	15
Naíscóil Machaire Rátha	Machaire Rátha	31
Naíscóil na Speiríní	Baile na Croise	19
Naí-aonad an tSeanchaí	Machaire Fíolta	26
Naíscóil Eoghain	An Chorr Chríochach	26
Naíscóil Uí Néill	Oileán an Ghuail	30
Naíscóil Aodha Rua	Dún Geanainn	24
Bunscoil Naomh Brid	Machaire Rátha	116
Gaelscoil an tSeanchaí	Machaire Fíolta	99
Gaelscoil na Speiríní	Baile na Croise	49
Gaelscoil Eoghain	An Chorr Chríochach	54
Gaelscoil Uí Néill	Oileán an Ghuail	160
Gaelscoil Aodha Rua	Dún Geanainn	88
Scoil Ghramadaí Naomh Iósaf	An Domhnach Mór	79
Club Óige Charn Tóchair	Machaire Rátha	Níl figiúirí ar fáil
Campa Chormaic Chontae Thír Eoghain	Dún Geanainn	Níl figiúirí ar fáil
Campa Chormaic Chontae Dhoire	Baile na Croise	Níl figiúirí ar fáil
Club Óige Ghleann na Banna	Gleann na Banna	Níl figiúirí ar fáil
Seal Spraoidh Dhún Geanainn	Dún Geanainn	Níl figiúirí ar fáil
Seal Spraoidh na Coirre Críochaí	An Chorr Chríochach	Níl figiúirí ar fáil
Seal Spraoidh Oileán an Ghuail	Oileán an Ghuail	Níl figiúirí ar fáil
Cairde Uí Neill	Oileán an Ghuail	Níl figiúirí ar fáil
Club Óige an Luraigh	Machaire Rátha	Níl figiúirí ar fáil
Cairdeas Eoghain	An Chorr Chríochach	Níl figiúirí ar fáil

**10. Ceantar Chathair Dhoire agus an tSratha Bán**

Ainm	Baile	Líon daltaí (2014/15)
Naíscoil Dhoire	Doire	26
Naíscoil Cholmcille	Doire	12
Naíscoil Éadain Mhóir	Doire	26
Naíscoil an tSratha Bán	An Srath Bán	52
Naíscoil na Deirge	Caisleán na Deirge	11
Naíscoil na Daróige	Doire	69
Naíscoil Mhaol Íosa	Doire	17
Bunscoil Cholmcille	Doire	84
Gaelscoil Éadain Mhóir	Doire	112
Gaelscoil na Daróige	Doire	69
Gaelscoil Uí Dhochartaigh	An Srath Bán	133
Club Óige Setanta	Doire	Níl figiúirí ar fáil
Óg-Ógras na dTrí Abhainn	An Srath Bán	Níl figiúirí ar fáil
Ógras na dTrí Abhainn	An Srath Bán	Níl figiúirí ar fáil
An Cumann Gaelach	An Srath Bán	Níl figiúirí ar fáil

11. Ceantar Fhear Manach agus na hÓmaí

Ainm	Baile	Líon daltaí (2014/15)
Naíscoil an Traonaigh	Lios na Scéithe	9
Naíscoil Cholmcille	An Charraig Mhór	15
Naíscoil na gCrann	An Ómaigh	26
Bunscoil an Traonaigh	Lios na Scéithe	45
Gaelscoil na gCrann	An Ómaigh	120
Bunscoil Naomh Colmcille	An Charraig Mhór	61
Club Óige na Carraige Móire	An Charraig Mhór	Níl figiúirí ar fáil
Club Óige an Chaisleáin Ghlais	An Caisleán Glas	Níl figiúirí ar fáil
Óige na hÓmaí	An Ómaigh	Níl figiúirí ar fáil

5. Staid Reatha na Gaeilge ó thuaidh

De réir Dhaonáireamh 2011, deir 10.65% den phobal ó thuaidh (beagnach 185,000 duine) go bhfuil leibhéal áirithe cumais acu sa Ghaeilge.

www.nisra.gov.uk/Census/key_report_2011.pdf.

Tá fianaise thábhachtach eile i Suirbhé Leanúnach Teaghlach Thuaisceart Éireann 2013/14 faoi mheon an phobail i leith na Gaeilge agus faoin leibhéal cumais agus úsáide atá i measc an phobail.

Dúirt 49% den phobal os cionn 16 bliana d'aois gur ghné thábhachtach de chultúr Thuaisceart Éireann í an teanga.

Mhaígh 15% den phobal go raibh eolas éigin acu ar an Ghaeilge (méadú ó 13% nuair a cuireadh an cheist chéanna in 2011/12).

Baineann ceathrar as gach céad duine (4%) leas as an Ghaeilge ag baile, ag labhairt leis an gclann nó le lucht aontís.

Baineann an céatadán céanna (4%) leas aisti ar bhonn sóisialta anois is arís ag labhairt le cairde nó le lucht aitheantais. www.dcalni.gov.uk/irish_language_chs_201314_bulletin.pdf.

Ceantair na gComhairlí Nua

Daonáireamh 2011	Gach gnáthchónaitheoir: 3+ bliana d'aois	Eolas ar an Ghaeilge: Cumas áirithe: 3+ bliana d'aois	Eolas ar an Ghaeilge: Cumas áirithe: 3+ bliana d'aois (%)
Tuaisceart Éireann	1,735,711	184,898	10.65 %
Aontroim agus Baile na Mainistreach	132,620	8,644	6.52 %
Ard Mhacha, Droichead na Banna agus Craigavon	190,526	19,595	10.28 %
Béal Feirste	320,416	43,106	13.45 %
Cósta Chlochán an Aifir agus na Glinnte	135,500	11,926	8.8 %
Doire agus an Srath Bán	141,550	19,704	13.92 %
Fear Manach agus an Ómaigh	108,402	15,759	14.54 %
Lios na gCearrbhach agus an Caisleán Riabhaigh	129,301	6,644	5.14 %
Aontroim Láir agus Thoir	130,405	5,467	4.19 %
Lár Uladh	132,025	22,984	17.41 %
An tIúr, Múrn agus an Dún	163,917	26,309	16.05 %
An Dún Thuaidh agus na hArda	151,049	4,760	3.15 %

6. Dea-chleachtas

Tá an Ghaeilge ainmnithe sa Chairt Eorpach ag Rialtas na Ríochta Aontaithe mar theanga de chuid na Ríochta Aontaithe. Tá an Ghaeilge ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus is teanga mhionlaigh í dteannta 60 teanga mhionlaigh nó réigiúnach eile san Eoraip. Tá ról tábhachtach ag Foras na Gaeilge ag tabhairt comhairle d'fhorais reáchtúla, Comhairlí Áitiúla san áireamh, faoin dea-chleachtas idirnáisiúnta a bhaineann le mionteangacha. Cé gur deacair na dearcthaí polaitiúla i leith na Gaeilge a sheachaint i gcomhthéacs Thuaisceart Éireann, is mar mhionteanga agus mar mhionphobal atá ar chomhchéim le mionphobail agus le mionteangacha eile ar fud an Aontais Eorpaigh a phléann Foras na Gaeilge leis an Ghaeilge agus le lucht a labhartha ó thuaidh.

Beidh na moltaí agus an chomhairle a chuirfidh Foras na Gaeilge ar fáil do lucht na nOllchomhairlí nua, bunaithe ar an dea-chleachtas Eorpach agus idirnáisiúnta sin atá i réim i mórán stát eile ar fud na hEorpa, agus ní ar na dálaí polaitiúla a bhaineann leis an Ghaeilge sa Tuaisceart.

Moltaí

Nuair a bheidh na hOllchomhairlí nua ag déanamh cinntí faoi na seirbhísí a bheidh siad a chur ar fáil, agus faoin dóigh a gcuirfidh siad na seirbhísí sin ar fáil, beidh próisis éagsúla chomhairliúcháin ar siúl acu. Beidh sé tábhachtach dul i gcomhairle leis na pobail éagsúla Ghaeilge ina gceantair le heolas a fháil uathu faoi na seirbhísí a bheidh lena leas agus a mbainfidh siad leas astu. Tá difríochtaí suntasacha idir comhdhéanamh na bpobal éagsúla ó cheantar Comhairle go ceantar Comhairle; tá cuid acu seanbhunaithe agus líon ard d'aosaigh iontu a bhfuil Gaeilge acu – tuismitheoirí agus lucht úsáidte seirbhísí, ach tá pobail eile ann ar mó líon na ndaltaí bunscoile iontu ná daoine fásta.

Is den dea-chleachtas a chinntiú go mbíonn léargas le sonrú sna Pleananna Comhphobail, sna Pleananna Ceantair Logánta agus i bpolasaithe na gComhairlí ar an éagsúlacht sin san éileamh.

Mar is léir ón tábla **ar leathanach 20**, tá líon ard daoine i gcuid de na Comhairlí a bhfuil Gaeilge acu, agus is líon suntasach ann féin an líon daoine atá sna Comhairlí siúd is lú a bhfuil daoine le heolas ar an Ghaeilge iontu.

Beidh Foras na Gaeilge ag comhairliú do na Comhairlí uilig spiorad na reachtaíochta a bhfuil trácht uirthi i **Roinn 3** a ghabháil chucu féin agus tabhairt faoi sin go dúthrachtach agus go fonnmar. Is pobal tuisceanach é pobal na Gaeilge, a aithníonn na dúshláin a bhaineann leis an dátheangachas agus le cur chun cinn mionteanga. Is pobal é a bhíonn ag dul i ngleic gach lá leis na dúshláin chéanna sin ina ngaelscoileanna, ina naíonraí agus ina gclubanna óige. Beidh Foras na Gaeilge ag comhairliú do lucht na gComhairlí riachtanais agus éilimh na bpobal Gaeilge a chur san áireamh ina gcuid polasaithe, ina gcuid straitéisí agus ina gcuid pleananna mar a dhéantar i gcás pobail mhionteanga eile ar fud na hEorpa. Beidh Foras an Gaeilge ag moladh dóibh straitéis ar leith a fhorbairt don Ghaeilge bunaithe ar scagadh ar

riachtanais agus ar éileamh phobail na Gaeilge ina gceantar. Nuair a bheidh na Comhairlí nua ag iarraidh cinntí a dhéanamh faoin dóigh a rachaidh siad i mbun riar ar riachtanais agus éilimh lucht na Gaeilge, beidh plé ar chostais agus ar chúrsaí foirne. Is féidir na costais agus na himpleachtaí foirne a íosmhéadú trí iniúchadh scileanna teanga a dhéanamh ar an fhoireann sa Chomhairle i dtús báire. Trí anailís a dhéanamh ar na fostaithe ar fad agus ar a gcuid cáilíochtaí agus ar a gcumas sa teanga beidh eolas ag na Comhairlí ar an hacmhainní foirne atá acu cheana féin agus ar na bearnaí a bheidh le líonadh.

Beidh Foras na Gaeilge a chur ar a súile do lucht na gComhairlí an méid atá aontaithe ag an Náisiúin Aontaithe in **Airteagal 2 den Choinbhinsiún i gcoinne Idirdhealú san Oideachas**:

Fad is a cheadaítear iad laistigh de Stát, ní mheasfar gur idirdhealú iad na cúinsí seo a leanas, de réir chiall Airteagal 1 den Choinbhinsiún seo

(b) *Córais nó institiúidí oideachais faoi leith a bhunú nó a choimeád ar chúiseanna reiligiúnacha nó teanga, ina gcuirtear oideachas ar fáil de réir mhianta thuismitheoirí nó chaomhnóirí dlíthiúla an dalta, más amhlaidh gur rud roghnach is ea rannpháirteachas ina leithéid de chóras nó freastal ar a leithéid d'institiúid agus má tá an t-oideachas a chuirtear ar fáil ar teacht leis na caighdeáin sin atá leagtha amach nó atá faofa ag na húdaráis inniúla, go háirithe i gcomhair oideachais ag an leibhéal céanna.*

Mar an gcéanna, de réir **Chuid 2 d'Airteagal 7 den Chairt**, níl bearta speisialta a ghlactar ar mhaithe le teangacha mionlaigh le meas mar ghníomh idirdhealaithe i gcoinne úsáideoirí na dteangacha is mó úsáid (an Béarla).

2. *Gabhann na Páirtithe ar láimh aon idirdhealú, eisiámh, srianadh nó fabhar nach bhfuil bunús leo a dhíchur, mura bhfuil sé déanta acu cheana, a bhaineann le teanga réigiúnach nó mionlaigh a úsáid agus arb é is aidhm dóibh cothabháil nó forbairt na teanga sin a dhíspeagadh nó a chur i gcontúirt. Beartha speisialta a ghlacadh, ar mhaithe le teangacha réigiúnacha nó mionlaigh, arb é is aidhm dóibh comhionannas a chur ar aghaidh idir úsáideoirí na dteangacha sin agus an chuid eile den phobal nó a thugann aird chuí ar a ndálaí sonracha, níl sé le meas mar ghníomh a idirdhealaíonn i gcoinne úsáideoirí na dteangacha is mó úsáid.*

Cuid II – Cuspóirí agus prionsabail arna saothrú i gcomhréir le hAirteagal 2(1)
Airteagal 7 – Cuspóirí agus prionsabail

Nuair atá an t-iniúchadh scileanna Gaeilge déanta, beidh sé tábhachtach breathnú ar na bearnaí agus deiseanna foghlamtha Gaeilge a bheidh á gcur ar fáil sna comhairlí. Tá Foras na Gaeilge ag cur deontas i gcabhair ar fáil do *Gaelchultúr* le hoiliúint a chur ar fáil do lucht oibre Rialtais áitiúil thuaidh agus theas.

Sa roinn seo thíos, tá cuntas ar an soláthar atá déanta ag leibhéal an Rialtais áitiúil. Is

samplaí iad seo a aithníonn go mbíonn comhairlí ag obair i dtimpeallacht ina mbíonn an-bhrú ar acmhainní agus a aithníonn na dálaí polaitiúla ar leith a mbíonn comhairlí sa Tuaisceart ag feidhmiú fúthu. Dá réir sin, aithnítear nach samplaí iad seo den dea-chleachtas is fearr do theangacha mionlaigh san Eoraip ná go hidirnáisiúnta, ach is samplaí iad a chuideoidh le lucht na gComhairlí nua tabhairt faoi cheist na bpobal Gaeilge ina gceantar go luath agus iad ag iarraidh straitéis ar leith don Ghaeilge a fhorbairt bunaithe ar chomhairliúchán leis na pobail sin.

Tá samplaí curtha ar fáil ar na bealaí éagsúla ar féidir riar ar an Ghaeilge sna sainréimsí is mó a mbíonn na comhairlí ag plé leo. Tá rangú déanta ar na samplaí sna sainréimsí éagsúla ó chur chuige nach mbeadh ann ach an chéad chéim, go cur chuige a dhéanfadh riar níos fearr ar riachtanais an phobail Ghaeilge. Bheadh sé le tuiscint go mbeadh cur chuige ar bith atá luaite sna samplaí thíos le feabhsú go mór le go mbeadh sé ag teacht leis an chuid is fearr den dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Brandáil

1. Meirg agus teideal na Comhairle i nGaeilge agus i mBéarla ar fhoirgnimh na Comhairle, ar shuíomh idirlín agus ar pháipéar na Comhairle.
2. Meirg agus teideal na Comhairle i nGaeilge agus i mBéarla mar atá faoi Uimhir 1 agus i gcomhthéacsanna eile ina mbeadh sé le feiceáil ag úsáideoirí Gaeilge (sólanna, feithiclí, áiseanna eile) i gceantair ina bhfuil pobal Gaeilge.
3. Meirg agus teideal na Comhairle a bheith i nGaeilge i ngach áit a bhfuil sin i mBéarla.
4. Tugtar treoir iomlán ar shuíomh idirlín Foras na Gaeilge (www.gaeilge.ie/treoir) ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta do mhionteangacha maidir le comharthaíocht dhátheangach. Tá cuid den treoir luaite thíos:
 - a. Is cóir an chló-aghaidh chéanna a úsáid don dá theanga;
 - b. Is cóir an Ghaeilge a chur ar dtús (ar bharr nó ar chlé). Cionn is go bhfuil gach aon Ghaeilgeoir in ann Béarla a léamh, beidh an Ghaeilge iomarcach má chuirtear í sa dara háit;
 - c. Is cóir plé leis an Ghaeilge go cothrom leis an Bhéarla, gan a chur in iúl do phobal na Gaeilge nach bhfuil siad lán chomh tábhachtach le pobal an Bhéarla;
 - d. Is cóir a chinntiú go bhfuil dath an téacs Ghaeilge chomh hinléite agus chomh hinfheicthe leis an téacs Béarla.

Cáipéisí i nGaeilge

1. Na cáipéisí is mó a úsáideann an pobal a bheith ar fáil go dátheangach i bhformáid leictreonach.
2. Na cáipéisí is mó a úsáideann an pobal a bheith ar fáil go dátheangach, idir chóip chrua agus chóip leictreonach.
 - a. Go bhfiafraítear de chustaiméirí cén rogha teanga atá acu: Gaeilge nó Béarla.
3. Cáipéisí corparáideacha, foirmeacha (inmheánach agus seachtrach) agus cáipéisí eile na Comhairle a bheith dátheangach, agus cóip chrua nó cóip leictreonach ar fáil.

Foireann le Gaeilge sa Chomhairle

1. Plean forfheidhmithe a bheith ann thar thréimhse ghearrthéarmach chun oibriú i dtreo seirbhísí don phobal a chur ar fáil.
2. Fáilte a chur roimh iarratas ar phoist ó dhaoine a bhfuil Gaeilge acu.
3. Baill foirne ainmnithe le bheith freagrach as tacaíocht Ghaeilge a thabhairt do rannóga uilig na Comhairle chun déileáil le pobal na Gaeilge.
4. An Ghaeilge bheith inmhianaithe ag céatadán áirithe d'fhostaithe nua.
5. An Ghaeilge bheith riachtanach ag céatadán áirithe d'fhostaithe nua.
6. Baill foirne chumasacha a bheith i ngach rannóg.
7. Oifigeach Gaeilge a fhostú leis an Ghaeilge a chur chun cinn taobh istigh den Chomhairle agus i gceantar na Comhairle.
8. Oifigeach Cumarsáide a bheith cumasach sa Ghaeilge.

Seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge ar bhealaí eile

1. A iarraidh ar an duine ríomhphost a chur agus freagra as Gaeilge a chur ar ais.
2. Glaonna i nGaeilge a fhreagairt i nGaeilge trí chainteoir Gaeilge ainmnithe a bheith ar fáil le glaoch ar ais.
3. Líne theileafóin thiomnaithe do phobal na Gaeilge do gach rannóg agus duine le Gaeilge in ann glaonna a fhreagairt. Is féidir rogha na Gaeilge a thabhairt go huathoibríoch nó tríd an fháilteoir .
4. Glaonna i nGaeilge a fhreagairt i nGaeilge trí chainteoir Gaeilge ainmnithe a bheith ar fáil ag am curtha an ghlaio.

Comhfhreagras

1. Admháil chaighdeánach as Gaeilge a chur amach ag glacadh buíochais agus ag tabhairt eolais faoin am a thógfaidh sé an comhfhreagras a fhreagairt as Gaeilge.
2. Fáilte a chur roimh chomhfhreagras i nGaeilge agus comhfhreagras a fhreagairt i nGaeilge agus baill foirne a bhfuil an cúram sonrath sin orthu ar fail chuige sin.
3. Fáilte a chur roimh chomhfhreagras i nGaeilge agus comhfhreagras a fhreagairt i nGaeilge agus seoladh ar leith ríomhphoist a chur ar fáil, m.sh: gaeilge@derrycity.gov.uk.
4. Fáilte a chur roimh chomhfhreagras i nGaeilge agus comhfhreagras a fhreagairt i nGaeilge agus baill foirne a bheith ar fail chuige sin i ngach rannóg.

Seirbhísí do na Meáin Ghaeilge

1. Urlabhraí le Gaeilge a chur ar fáil ar iarratas.
2. Preasráiteas Gaeilge a chur ar fáil do na meáin Ghaeilge nuair a bhaineann an t-ábhar leis an Ghaeilge nó le pobal na Gaeilge.
3. Leagan Gaeilge nó leagan dátheangach de gach preasráiteas a chur ar fáil do na meáin Ghaeilge.
4. Urlabhraí le Gaeilge a bheith ar fáil do na meáin agus gach preasráiteas a chur amach go dátheangach.

Seirbhísí do na Meáin Ghaeilge

1. Ábhar ar Facebook agus Twitter a bheith dátheangach.
2. Ábhar faoin Ghaeilge agus faoi ábhair eile ghaolmhar a chur ar Facebook agus Twitter i nGaeilge.
3. Ábhar i nGaeilge a bheith ar Facebook agus Twitter go minic agus go rialta.
4. An Chomhairle a bheith ag obair go dlúth leis an Roinn Margaíochta agus Cumarsáide le hiarratais ó na meáin Ghaeilge a láimhseáil, agus iad i dteagmháil rialta leis na meáin Ghaeilge thar réimse meán: meáin chraolta, meáin chlóite, agus meáin ar líne. Bunachar teagmhálaithe do na meáin Ghaeilge a bheith ar fáil.

Suíomh Gréasáin

1. Roinnt eolais a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle go dátheangach – ceanteidil agus eolas a bhaineann le himeachtaí agus le gnóthaí Gaeilge.
2. Roinnt eolais sa dá theanga a chur ar an suíomh gréasáin ar an leathanach fáilte agus ar leathanaigh eile a bhfuil ábhar orthu a bhaineann leis an Ghaeilge agus le hábhair eile ghaolmhara.
3. Rogha teangacha Gaeilge/Béarla ar an leathanach fáilte, agus dhá shuíomh chomhthreomhara ann i nGaeilge agus i mBéarla.
4. Micreashuíomh Gaeilge a chur ar fáil ar a bhfuil cartlann d'fhoirmeacha, d'iarraais agus d'fhoilseacháin mar aon le heolas faoi thionscnaimh agus imeachtaí.

Oiliúint sa Ghaeilge – Moltar leanúint den chóras Teastas Eorpach Gaeilge (TEG)

1. An cheist a phlé leis an Rannóg Acmhainní Daonna
2. Iniúchadh a dhéanamh ar fhoireann na Comhairle faoina gcumas sa Ghaeilge.
3. Eolas a chur ar fáil d'fhostaithe faoi ranganna.
4. Cuireadh a thabhairt do DCAL léiriú a thabhairt ar Líofa, agus fostaithe a spreagadh le clárú le Líofa.
5. Teastas oiliúna a chur ar fáil d'aon chúrsa Gaeilge a chuirtear i gcrích.
6. Gaelchultúr a fhostú le sainoiliúint a chur ar fáil d'oibrithe a bhfuil cúraimí Gaeilge orthu.
7. Gaelchultúr a fhostú le sainoiliúint a chur ar fáil d'oibrithe ginearálta.
8. Ranganna Gaeilge a chur ar fáil d'fhoireann na Comhairle agus do na comhairleoirí ar bhonn seachtainiúil ag gach leibhéal. Na ranganna bheith ar fáil laistigh d'uaireanta oibre, ag am lóin nó i ndiaidh na hoibre.
9. Tacaíocht agus maoiniú a chur ar fáil don fhoireann le haghaidh oiliúint faoi éagsúlacht teanga, faoi fheasacht teanga agus le haghaidh cúrsaí Gaeilge taobh amuigh den Chomhairle.
10. Scoláireachtaí Gaeltachta a chur ar fáil don fhoireann.

Feasacht ar an Ghaeilge don Fhoireann

1. Oiliúint ar Fheasacht Teanga a chur san áireamh sa chlár ionductaithe d'fhostaithe nua.
2. Spreagadh a thabhairt d'fhostaithe freastal ar chúrsa feasachta ag Comhairle eile mura bhfuil sin ar fáil taobh istigh den Chomhairle.
3. Leabhrán Gaeilge agus bileoga eolais a chur ar fáil don chomhairle, i gcomhair le eagraíochtaí Gaeilge ar nós Fhoras na Gaeilge nó Conradh na Gaeilge.
4. Scéim Feasachta ar an Ghaeilge a thiomsú don fhoireann a thugann léargas ar dhualgais na Comhairle faoin Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, agus oiliúint de réir na scéime a chur ar fáil do gach fostaí ar bhonn tráthrialta.

Comharthaí i nGaeilge go hinmhéanach (taobh istigh den Chomhairle féin)

1. Comharthaíocht dhátheangach a bheith ar fáil ar iarratas agus má tá éileamh ann ón phobal de réir threoir Fhoras na Gaeilge (www.gaeilge.ie/treoir), agus ag cloí le dea-chleachtas idirnáisiúnta.
2. An chomharthaíocht ar fad a bheith dátheangach de réir threoir Fhoras na Gaeilge, agus ag cloí le dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Comharthaí i nGaeilge taobh amuigh den Chomhairle féin

Faoin reachtaíocht reatha (*Airteagal 11, Local Government (NI) Order 1995*) tá de chumhacht ag Comhairlí dé-ainm sráide a chur suas i nGaeilge. Leis an gcumhacht sin a fheidhmiú tá oibleagáid orthu aird a bheith acu ar na tuairimí a léiríonn cónaitheoirí. Is cóir do Chomhairlí a thabhairt faoi deara gur cumhacht lánroghnach é comhartha dátheangach a chur suas. Dá thoradh sin, is cóir do pholasaí na comhairle agus na doiciméid a chuireann sí amach chuig cónaitheoirí a léiriú go bhfuil lánrogha ag an gComhairle iarratas ar ainm sráide Gaeilge a cheadú fiú mura gcomhlíonann an suirbhé an tairseach áirithe má tá tosca eisceachtúla ann.

1. Comharthaíocht dhátheangach a chur ar fáil sna háiteanna a bhfuil éileamh ann.
2. Comharthaíocht dhátheangach áit a bhfuil naíscoil, gaelscoil, nó ionad Gaeilge, agus treoracha taistil chucu i nGaeilge fosta.
3. Trácht a bheith i bpolasaí na Comhairle i leith comharthaíochta i nGaeilge a chuimsíonn sráidainmneacha, ainmplátaí bóthair, etc.

Seirbhís Sráidainmneacha agus Logainmneacha

Moltar oidhreacht na Gaeilge sna logainmneacha a úsáid mar áis feasachta agus obair i gcomhpháirt leis an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Comhshaoil le haistriúcháin a chur ar fáil ar logainmneacha agus ar ainmneacha sráide. Moltar bunachar de shráidainmneacha dátheangacha a thiomsú agus a chur ar fáil ar líne.

1. Fáilte curtha roimh sheoltaí as Gaeilge.
2. Fáilte curtha roimh sheoltaí as Gaeilge agus comhairle tugtha faoi logainmneacha.
3. I gcomhar leis na heagrais chúí, comhairle a chur ar an phobal i dtaca le

- sráidainmneacha agus logainmneacha de ina gceantair féin.
4. An pobal a spreagadh lena seoladh Gaeilge a úsáid.

Seirbhís Aistriúcháin agus Ateangaireacht (ar chruinnithe de chuid na Comhairle)

1. Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta a chur ar fáil má tá duine ar fáil ar fhoireann na Comhairle leis sin a dhéanamh.
2. Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta a chur ar fáil ar bhonn éilimh.
3. Fáilte a chur roimh iarratais ón phobal Gaeilge a úsáid ach iad fógra a thabhairt ionas go mbeidh seirbhís aistriúcháin/ateangaireachta chomhuaineach ar fáil, agus seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta a chur ar fáil don phobal.
4. Fáilte a chur roimh chomhairleoirí a bhaineann úsáid as Gaeilge ach iad fógra a thabhairt ionas go mbeidh seirbhís aistriúcháin/ateangaireachta chomhuaineach ar fáil.
5. Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta a chur ar fáil trí úsáid a bhaint as roghliosta aistritheoirí.
6. Aistritheoir/ateangaire a fhostú sa chomhairle nó fostaí le Gaeilge a bheith ar fáil le haghaidh cúraimí aistriúcháin agus ateangaireachta.
7. Córas ateangaireachta agus bogearraí aistriúcháin a chur ar fáil sa Chomhairle agus oifigigh ainmnithe lena n-úsáid.

Cur chuige i leith fhorbairt na Gaeilge i gceantar na Comhairle

1. Ceist na Gaeilge bheith aitheanta sna critéir mhaoinithe le haghaidh scéimeanna tacaíochta na Comhairle.
2. Roinnt foilseachán a chur ar fáil, má bhíonn éileamh ann.
3. Gach foilseachán a chur ar fáil go dátheangach.
4. Nuachtlitir a fhoilsiú gach ráithe agus rannóg inti (i mBéarla) faoi imeachtaí Gaeilge, eolas faoi ghaelscoileanna sa cheantar, etc.
5. Nuachtlitir a fhoilsiú gach ráithe agus rannóg inti as Gaeilge le himeachtaí agus eolas ábhartha eile faoin Ghaeilge a chur os chomhair an phobail.
6. Nuachtlitir Ghaeilge a fhoilsiú go tráthrialta a phoiblíonn seirbhísí Gaeilge na Comhairle, a chuireann eolas ar fáil faoi imeachtaí Gaeilge (Seachtain na Gaeilge, etc.), agus faoin Ghaelscolaíocht i gceantar na Comhairle.

Feasacht ar an Ghaeilge don Phobal

1. Tacú le himeachtaí Gaeilge, agus fáilte a chur roimh imeachtaí Gaeilge taobh istigh d'fhoirgnimh na Comhairle.
2. Cuireadh a thabhairt d'oifigigh Líofa léiriú a thabhairt ar Líofa.
3. Eolas a thabhairt ar ranganna Gaeilge i gceantar na Comhairle (i gcomhar le Gael Linn).
4. Naisc le pobal na Gaeilge i gceantar na Comhairle a fhorbairt trí bhunachar teagmhálaithe a thiomsú.
5. Sraith d'imeachtaí i nGaeilge agus faoin Ghaeilge a eagrú ar bhonn bliantúil.

6. Scéim Feasachta ar líne faoin Ghaeilge a fhorbairt don phobal agus nasc le Connect 3 - <http://www.connect-3.co.uk/> do pháistí.
7. Fóram Pobail Gaeilge a chomhordú le forbairt na Gaeilge sa cheantar a phlé, a mheas agus le plean teanga a fhorbairt.
8. Tacú le bunú raidió pobail le tacaíocht ó Raidió Fáilte.
9. Scoláireachtaí Gaeltachta nó campaí samhraidh a chur ar fáil do dhaltaí scoile agus do theaghlaigh.

Seirbhísí don Phobail

1. Leaganacha Gaeilge de cháipéisí ar fáil le haghaidh clárú breitheanna, postaí, páirtnéireachtaí sibhialta, básanna, etc. ar bhonn éilimh.
2. Leaganacha dátheangacha de cháipéisí ar fáil le haghaidh clárú breitheanna, postaí, páirtnéireachtaí sibhialta, básanna, etc.
3. Córais ríomhaireachta (sintí fada; roghliostaí réamhshonraithe dátheangacha; foirmeacha infhillte de shloinnte; logainmneacha, agus socruithe ríomhaireachta cás-íogaireacha, a bheith ábalta glacadh le heolas i nGaeilge ón phobal.
4. Baill foirne iniúil ar an Ghaeilge le haghaidh clárú breitheanna, postaí, páirtnéireachtaí sibhialta, básanna, etc.).
5. Baill foirne le Gaeilge a bheith ar fáil leis na seirbhísí seo a chur ar fáil ar bhonn coinne.
6. Rogha a thabhairt do gach duine an Ghaeilge a úsáid i seirbhísí cláraithe.

Tacaíocht don Ghaelscolaíocht agus Scoileanna eile

1. Eolas faoin ghaelscolaíocht a chur ar fáil don phobal agus iad a threorú chuig Comhairle na Gaelscolaíochta.
2. Ceardlann, scéimeanna agus pacáistí eolais faoi sheirbhísí agus faoi imeachtaí na Comhairle a chur ar fáil i nGaeilge do ghaelscoileanna mar a dhéantar do scoileanna Béarla, m.sh. Athchúrsáil, Bithéagsúlacht, Comhionannas agus Dea-chaidreamh, Scéim na Nollag (fáilte a chur roimh pháistí gaelscoile litir a scríobh i nGaeilge chuig Daidí na Nollag, Seachtain na Gaeilge (teagmháil agus comhoibriú le gaelscoileanna agus le scoileanna Béarla lena linn).
3. Gach eolas, teagmháil agus scéim a chuirtear ar fáil do scoileanna Béarla agus do dhaltaí na scoileanna Béarla, a chur ar fáil i nGaeilge do ghaelscoileanna agus do dhaltaí gaelscoileanna.
4. Scoláireachtaí a chur ar fáil do dhaltaí ó scoileanna Béarla agus ó ghaelscoileanna le freastal ar chúrsa Gaeltachta.



Polasaí Gaeilge

1. Cód cúirtéise faoin Ghaeilge a fhorbairt.
2. Polasaí a fhorbairt a bheidh ag teacht le riachtanais na Cairte Eorpaí agus le riachtanais an phobail Gaeilge.
3. Polasaí cuimsitheach a chlúdaíonn gach gné den Ghaeilge sa Chomhairle agus i measc an phobail i gceantar na Comhairle a fhorbairt i gcomhar le pobal na Gaeilge.
4. Plean straitéiseach a fhorbairt i gcomhar le pobal na Gaeilge i gceantar na Comhairle a chuireadh gach gné de Ghaeilge – soláthar seirbhísí, forbairt na Gaeilge sa phobal, forbairt na Gaeilge sa Chomhairle féin agus cumasú na Comhairle i dtreo soláthar seirbhísí.

7. Na Chéad Chéimeanna Eile

Tá teagmháil déanta ag Foras na Gaeilge leis an fhoireann ardbhainistíochta sna Comhairlí nua uilig, agus iad curtha ar an eolas faoi ról reachtúil Fhoras na Gaeilge comhairle a thabhairt do lucht riaracháin faoin Ghaeilge agus faoina cur chun cinn.

Beidh Foras na Gaeilge ag leanúint anois leis an teagmháil sin agus cuidiú praiticiúil agus comhairle á gcur ar fáil do Chomhairlí a iarrann sin. Aithnítear go mbeidh tréimhse an-ghnóthach ann do na Comhairlí nua agus iad ag féachaint lena gcuid seirbhísí a fhorbairt, mar aon lena gcuid pleananna, polasaithe agus straitéisí. Aithnímid, mar an gcéanna, go mbeidh gach Comhairle ag iarraidh dul i gcomhairle lena bpobal féin lena chinntiú go mbeidh na pleananna, polasaithe agus straitéisí a dhéanfaidh siad a fhorbairt ag teacht le mianta bhunadh an cheantair.

Beidh Foras na Gaeilge ag iarraidh cuidiú le Comhairlí tabhairt faoi sin. Cuireann Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil do *Chonradh na Gaeilge* le bheith ag ardú feasachta sa phobal ar an Ghaeilge agus do *Glór na nGael* le bheith ag tacú le pobail atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhorbairt ina gceantar féin. Cuirimid deontas i gcabhair ar fáil fosta do *Gaelchultúr* le bheith ag cur cúrsaí foghlama Gaeilge ar fáil do chomhairlí ar fud na tíre thuaidh agus theas, agus cuirimid maoiniú ar fáil do *Gael Linn* le bheith ag tacú le soláthar ranganna agus cúrsaí foghlama d'aosaigh. Beidh Foras na Gaeilge ag iarraidh ar na forais eile seo uilig bheith ag obair i gcomhar leis na comhairlí nua le tacú leo agus iad ag iarraidh riar ar riachtanais phobal na Gaeilge i gceantair na gcomhairlí éagsúla.

Beimid ag iarraidh ár *Scéim Oifigeach Gaeilge*, agus scéimeanna eile de chuid Fhoras na Gaeilge a choigeartú, lena cur in oiriúint do na Comhairlí nua, le súil go mbainfear leas as na scéimeanna eile atá againn le tacú leis an Ghaeilge i gceantair na gComhairlí.

Tá staid na Gaeilge agus, dá réir sin, staid lucht úsáide na Gaeilge ag athrú i rith an ama. Foilsíodh an Straitéis le Forbairt na Gaeilge a Fheabhsú agus a Chosaint i mí Eanáir 2015 agus nuair a ghlacfar léi beidh impleachtaí forleathana aici do sheirbhísí poiblí, iad siúd a chuireann na Comhairlí ar fáil ina measc. Tá oibleagáid ar Chomhairlí cheana féin cloí lena ndualgais faoin gCairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha agus Mhionlaigh, atá leagtha amach thuas.

Is é ár ndúil, i ndeireadh na dála, go mbeidh an Ghaeilge san áireamh sna Pleananna Comhphobail i ngach Comhairle, go mbeidh polasaí láidir Gaeilge i ngach Comhairle agus straitéis iontu leis an Ghaeilge a fhorbairt taobh istigh agus taobh amuigh den Chomhairle féin, de réir riachtanais an phobail.

8. Eolas Teagmhála Úsáideach agus Suímh Ghréasáin

Foras na Gaeilge, www.gaeilge.ie, eolas@forasnagaeilge.ie, 028 9089 0970

Conradh na Gaeilge, www.cnag.ie, eolas@cnag.ie +353 (0) 1 475 7401

Glór na nGael, www.glornangael.ie, eolas@glornangael.ie +353 (0) 46 943 0974

Gael Linn, www.gael-linn.ie, info@gael-linn.net, 028 37522162

Gaelchultúr, www.gaelchultur.com, eolas@gaelchultur.com, +353 (0) 1 484 5220

Comhairle na Gaelscolaíochta, www.comhairle.org, eolas@comhairle.org, 028 9033 21475

Suímh Ghréasáin

www.foclóir.ie

www.teanglann.ie

www.tearma.ie – seirbhís aimsithe téarmaí

www.gaeilge.ie/an-ghaeilge/na-corais-chreidiunaithe/ – liosta d'aistritheoirí creidiúnaithe.

www.gaeilge.ie/treoir – treoir ar an chleachtas is fearr ó thaobh phrionsabail an dátheangachais

www.gaeilge.ie/ordu – áiseanna ar fáil d'oibríthe oifige

www.freagra.ie / freagra@ling.ie – líne chabhrach le haghaidh úsáideoirí Gaeilge. Is féidir Freagra a fháil ar an ghuthán, nó trí theachtaireacht téacs nó ríomhphoist.

www.nascanna.com – liosta d'áiseanna, d'uirlísí agus de chlár a bhaineann le ríomhaireacht.

www.placenamesni.org agus www.logainm.ie – bunachar a chuireann leaganacha oifigiúla Gaeilge de logainmneacha ar fáil.

www.sloinne.ie – bunachar de shloinnte leis an litriú údarásach Gaeilge.

www.gaois.ie – inneall cuardaigh le cuardach a dhéanamh ar théacsanna reachtaíochta. Is féidir cuardach a dhéanamh ar théarma nó ar fhrása i mBéarla nó i nGaeilge agus ginfear liosta de na míreanna sa chorpas ina bhfuil an téarma/frása sin le fáil.

www.teg.ie – Cumas sa Ghaeilge Tástáil agus Cáilíochtaí